

BÁD MHÁIRE AN GHIOLLA.

Bhí baintreabhach as an gCladach agus sé an t-ainm a bhi uirthé Máire an Ghiolla. Bhí bád nua thar éis a déanta aice ón gcolann go dtí na sparaí. Bád tuairim sé thonna dhéag, bád seoil. Bhí sgadáin ins an am sin chó fairsing leis an bhféar, as Poll Chaisín faoi Leitir Mealláin. Bhí áit eile i ngar do'n pholl a dtugaidís Carraig Dhá Mhiú. Ba mhó sgadán a bheadh ar Charraig Dhá Mhiú ná péire a bheadh ar Pholl Chaisín. Sheoil an bád seo as an gCladach agus cúigear fear innte an dómhadh lá fichead de'n dara mhí dhe Fhómhar agus níor stopadar go ndeachadar ar Pholl Chaisín. Bhí eangacha curtha annsin chó tiugh agus nach dtuillfeadh trí eangach eile ann. Thóigeadar naoi sgaracha líonta ann agus a gcuid sgadán isteach sa mbád nua. Chuadar as sin go Carraig Dhá Mhiú agus thugadar naoi sgaracha eile as agus a gcuid sgadán. Sheoladar aniar le fuaradh na gaoithe aniar agus taoille tuile, agus bhí an oidhche chó dubh leis an bpí. Bhvail sí ar Charraig an Mhatail, ar mhulán atá ann a dtugtar Carraig Mháire an Rí air. Rinne an charraig dhá leith de'n bhád. Bhí sé ag tuile agus chuaidh an criú ins an gcrann ag iarraidh iad féin a shábháil. Thosuigh siad ag glaodhach agus ag sgreadach. Chuala muintir na mbailteacha iad. Sháthadar bád iomraimh de'n talamh tirim. Thugadar ceithre cinn de laindéir leothabh. Chuadar amach chó fada le áit a dtugtar Gob a Mhatail air. Níor fhéadadar a dhul níos fuide in áit a raibh maomanna agus brathlainneacha ag briseadh ar na Matail. Brathlainneacha sin suaiteáin mhóra chruthanta de thontracha sa bhfairrge a bhriseas trí uaire. Is measa an tríomhadh ceann ná an péire eile. An tríomhadh ceann an mhaom bháidhte. Nuair a tháinig siad go dtí Gob a Mhatail d'filleadar. Bhí an fhairrge ró-fhiadháin. Nuair a chonnaic an criú an solus ag imtheacht uathabh thosuigh siad ag gol agus ag garghail. Ní dhearna muintir na mbailteacha aon tsuaimhneas ins an oidhche mar bhí fhios aca go raibh an t-ár déanta. Bhíodar siúralta gurbh é a bhí innte bád ag tigheacht as Conamara le lucht móna ag dhul go Gaillimh nó bád a bhí ag tigheacht as Gaillimh folamh. Nuair a fuadar an lá ar maidin chuadar chun an chladaigh agus séard a fuadar ins an snátha mara (chomh fada suas is a thugas an taoille an fheamainn) cúigear fear báidhte agus ocht sgaracha déag líonta agus a gcuid sgadán. Tháinig a muintir nuair a chualadar é. Thugadar leothab triúr acab. Ní raibh aon mhuinntir ag an mbeirt eile nó aon cheannús ceann orthabh. Sé an áit ar cuireadar an bheirt sin ins an dtúrling mhór isteach ar aghaidh Charraig an Mhatail. Ba sin é an chéad turas fairrge a thug an bád nua ariamh agus an turas deireannach. Ba dona an turas aice é. Chonnaic Máirtín figheadóir an criú báidhte agus iad casta ins na heangacha. An triúr baintreabhach nuair a tháinigeadar go dtí Carraig a Mhatail agus nuair a chonnaiceadar na cuirp bhíodar ag gol agus rinneadar dán ins an ngol. Bhí Máire An Ghiolla í féin ann agus í caoineadh a báid, ba mhó a b'fhiú bád a rinneadh go cneasta ná cúigear rógairí. Ní raibh fhios ag Máire gurbh ag rógaireacht a bhí an criú ag dhul. Sin é an buadh a bhí ag imtheacht ariamh le rógairí, níor innis cneamhaire ariamh cé raibh sé ag dhul. Dá n-inusighheadh b'éidir go castaoi duine eicint air a cuirfeadh ar bhealach a leasa é.